# Gaeilge na Sraithe Sóisearaí – T1 MRB 2
# Sampla de Shaothar Scoláirí 02

## Ócáid mheasúnaithe: MRB2 Ag Idirghníomhú trí Ghaeilge

**Teideal an tSaothair:** Díospóireacht – Tá an spórt imithe as an spóirt

**An tasc a bhí á mheas:** Píosa díospóireachta bunaithe ar ábhar a bhí spéis ag an scoláire féin ann, roghnaigh sé píosa bunaithe ar chúrsaí spóirt a roghnú.

**Formáid:** Cur i láthair i bhfoirm díospóireachta

## Torthaí foghlama as an aonad foghlama a roghnaíodh don mheasúnú:

### Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:

**Cumas Cumarsáide**

**1.14** téacsanna ó bhéal a chruthú agus a chur i láthair mar dhuine aonair agus/nó mar bhall de ghrúpa.

**1.16** focail a fhuaimniú go nádúrtha le tuin chruinn shothuigthe agus béim chuí

**1.19** páirt ghníomhach a ghlacadh i gcomhráite (obair ghrúpa san áireamh) ag fiosrú, ag ceistiú agus ag forbairt tuairimí pearsanta agus ag freagairt go cuí le linn an chomhrá

**1.22** dearcthaí agus eolas ó fhoinsí éagsúla a thuairisciú agus a tharraingt le chéile

**1.23** smaointe a bhaineann le heispéiris phearsanta a mhíniú le samplaí agus/nó le hargóintí cuí chun dul i bhfeidhm ar dhuine

**1.30** gnásanna na scríbhneoireachta m.sh litriú, poncaíocht, a aithint agus a úsáid (bainteach leis an obair scríofa)

**Feasacht Teanga agus Chultúrtha**

**2.4** an réim chuí teanga a úsáid don ócáid, spriocghrúpa nó cineál cumarsáide

**Féinfheasacht an fhoghlaimeora**

**3.7** Acmhainní teanga a úsáid (foclóirí, ríommhfhoclóirí, graiméir, seiceálaithe gramadaí agus litrithe , srl.) chun cruinneas agus saibhreas teanga a bhaint amach sa labhairt agus sa scríobh.

## Eispéireas teagaisc agus foghlama:

Is cur i láthair i bhfoirm díospóireacht a shocraigh an scoláire a dhéanamh do MRB2: Ag Idirghníomhú trí Ghaeilge. De bharr go bhfuil an scoláire seo ar fhoireann díospóireachta na scoile shocraigh sé na scileanna sin a úsáid agus a léiriú san MRB seo.  Rinne an scoláire taighde ar chúrsaí spóirt, shocraigh sé go mbeadh sé i gcoinne an rúin agus bhailigh sé neart eolais maidir le cúrsaí spóirt chomh maith leis an t-eolas a bhí aige féin a úsáid agus an suim atá aige féin i gcúrsaí spóirt a léiriú. Thagair an scoláire do roinnt de na foinsí seo le linn an cur i láthair.  Rinne an scoláire nasc le cúrsaí folláine chomh maith rud a léirigh an tuiscint atá aige ar thábhacht an spóirt.

Bhí foghraíocht na bhfocail agus soiléireacht ag baint leis an bpíosa seo. Chaith an scoláire roinnt ama ag cur struchtúr ar an bpíosa trí húsáid éifeachtach a bhaint as an bponcaíocht, chuidigh sé seo go mór leis agus é ag iarraidh béim a chur ar na pointí a bhí á dhéanamh aige, ag teacht go hiomlán le stíl na díospóireachta.

Theastaigh ón scoláire seo go mbeadh saibhreas ag baint leis an bpíosa seo agus shocraigh sé roinnt nathanna agus phrásaí saibhre a bheith ann.  Déanadh taighde ar líne ar sheanfhocail agus nathanna chun cur leis an bpíosa seo m.sh *an rud nach bhfuil leigheas air caithfear a chur suas leis.* D'úsáid an scoláire www.potafocal.com agus www.teanglann.com freisin le tacú leis agus é ag scríobh an píosa seo.

Le linn an comhrá bhí an scoláire muiníneach agus léirigh sé an suim atá aige féin sa spóirt, ba léir go raibh sé go mór i gcoinne an rúin tríd an geaitsíocht agus an bealach gur chur sé é féin i láthair chomh maith le húsáid an nath " a dhaoine uaisle" le haird na lucht féachanna a choinneáil.

## Nótaí tráchta an mhúinteora i dtaca leis na Gnéithe Cáilíochta do MRB2:

### Cumas cumarsáide:

Bhí cumarsáid nádúrtha agus spontáineach ar chaighdeán an-ard ag an scoláire, cé go raibh an luas píosa beag tapaidh in áiteanna. Ba léir go raibh sé an-mhuiníneach agus é i mbun cainte, cé go raibh nótaí in úsáid, is nós nádúrtha é seo agus é i mbun díospóireachta le foireann na scoile agus thacaigh sé go mór leis i dtaobh struchtúr na díospóireachta agus chuir sé go mór le cruinneas an phíosa. Le linn an chomhrá bhí an cumarsáid nádúrtha agus spontáineach, thóg sé am chun ceisteanna a fhreagairt agus rinne sé nasc deas lena shaol phearsanta féin agus na scileanna díospóireachta atá aige.

### Tuiscint agus cumas idirghníomhaithe cainte:

Bhí an scoláire an-soiléir ina chuid cainte, cé go raibh sé neirbhíseach ag seasamh os comhair a chomhscoláirí féin, bhí sé muiníneach agus ba léir gur thuig sé an tábhacht a bhain le béim a chur ar fhocail ar leith agus é ag iarraidh pointí a chur trasna dá chomhscoláirí. Ba léir go raibh an teanga in úsáid go sciliúil, bhí an t-idirghníomhú nádúrtha agus suimiúil don lucht éisteachta.

### Feasacht teanga:

Léirigh an scoláire caighdeán an-ard maidir le feasacht teanga. Bhí struchtúr agus comhréir na teanga cruinn ó thús go deireadh. Bhí go leor oibre curtha isteach sa bpíosa scríofa chun go mbeadh sé d'ard chaighdeáin agus ba léir go raibh an cruinneas seo aige go nádúrtha agus é i mbun an chomhrá. Bhí an scoláire stadach in áit nó dhó ach chinn sé a am a thógáil ionas go mbeadh struchtúr agus cruinneas a chuid abairtí d'ard chaighdeán.

## Tuairiscín: Thar barr ar fad

Thar barr ar fad | Os cionn na n-ionchas | Ag teacht leis na hionchais | Níor chomhlíon na hionchais go fóill